

# Seosamh Mac Grianna

*Míreanna Saoil*

Pól Ó Muirí



Cló Iar-Chonnachta  
Indreabhán  
Conamara

An Chéad Chló 2007  
© Cló Iar-Chonnachta 2007

ISBN 978 1 905560 17 2

**Dearadh clúdaigh:** Clifford Hayes  
**Grianghraif chlúdaigh:** Dara Mac Dónaill  
**Dearadh:** Foireann CIC



Tugann Bord na Leabhar Gaeilge  
tacaíocht airgid do Chló Iar-Chonnachta



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**Clóchur:** Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara  
**Teil:** 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie  
**Priontáil:** Athenaeum Press, Gateshead NE11 PZ

*do mo chéile mná Mary*

Seo achainí dóibh siúd a chreideann agus a thugann urraim do Dhia. Má bhíonn an deis ag aon duine agaibh an cháipéis seo a fháil nó a scrúdú, an cháipéis seo a scríobh Pádraig, peacach gan oiliúint in Éirinn, ná cuir síos domsa, i m'aineolaí agus mar atá mé, an beagán a bhain mé amach nó a thug mé chun solais a thug sásamh do Dhia. Tugaigí bhur mbreithiúnas agus bíodh an tuairim is fírinne agaibh gur tíolacadh ó Dhia a bhí ann. Sin í m'fhaoistin sula n-éagaim.

*Confessio* Naomh Pádraig\*

---

\* *As Patrick in his own words* leis an Easpag Joseph Duffy (Veritas, 2000). Pádraig Ó Baoighill a d'aistrigh go Gaeilge.

## Clár

Buíochas	9
Réamhrá	13
1. Míreanna Saoil 1959–1990	17
2. An Griannach Óg 1900–1918	31
3. Blianta na Réabhlóide 1919–1924	53
4. Ábhar Scríbhneora 1925–1929	79
5. Údar agus Iriseoir 1930–1935	92
6. Clapsholas 1935–1941	111
7. Díchuimhne	122
Foinsí	129

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Ollamh Nollaig Mac Congáil, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, as a chabhair agus mé i mbun an leabhair seo. Ba é a chuid leabhar féin ar scríbhneoireacht Dhún na nGall agus ar shaothar chlann Mhic Grianna a dhúisigh mo spéis san ábhar sin an chéad lá riamh. Ní háibhéil a rá go bhfuil cion fir déanta aige sa réimse seo. Ba bhoichte ár dtuiscint ar an traidisiún liteartha Conallach sin murach é. Ba cheart dom a rá fosta nár stad sé de bheith ag soláthar ábhar breise don leabhar seo ó thosaigh mé á scríobh. Is é a fuair na míreanna as an *Derry Journal* atá istigh anseo agus is é a chuir seanchas faoin Ghriannach ar fáil, mar atá, Seosamh agus clog Choláiste Cholm Cille. Tá mé thar a bheith buíoch de as an taighde sin a chur ar fáil, agus cuireann a chuid eolais leis an aithne atá againn ar Mhac Grianna.

Tá mé buíoch fosta den Dochtúir Fionntán de Brún, Ollscoil Uladh. Tá saothar máistriúil scríofa aige féin ar Sheosamh Mac Grianna, *An Mhéin Rúin* (An Clóchomhar, 2002), leabhar a thugann aitheantas acadúil don Ghriannach agus dá shaothar. Ní bréag a rá gur leabhar den scoth atá scríofa ag de Brún. Is é an leabhar is cuimsithí agus is cumasaí é ar na sruthanna intleachtacha i scríbhneoireacht Mhic Grianna atá le fáil. Is fial fosta mar a roinn de Brún a

chuid tuairimí liomsa ar shaothar Mhic Grianna. Tá mé buíoch de as a chomhairle agus a chuid tuairimí agus mé i mbun an leabhair seo. Ba mhór an tógáil croí é gur thoiligh sé dréacht den leabhar seo a léamh agus a chuid tuairimí faoi a phlé liom.

Gabhaim buíochas le Donnchadh Ó Baoill as Rann na Feirste, Contae Dhún na nGall, as a chuid comhráite, teachtaireachtaí ríomhphoist agus as dréacht den lámhscríbhinn seo a léamh. B'fhearr i bhfad an tuiscint a bhí agam ar Rann na Feirste agus ar cheantar Mhic Grianna i ndiaidh dom bheith ag caint leis.

Tá mé buíoch fosta de Shéamas Ó Grianna (Jimí Mhicí Jimí), as Rann na Feirste dó fosta, as bualadh liom agus cás Mhic Grianna a phlé. Ba mhaith mar a stiúir a chomhairle mé agus tá mé buíoch de as mé a thabhairt a fhad le Seán Ó Duibheannaigh (John Ghráinne), Rann na Feirste, agus am a chaitheamh i mo chuideachta ag plé chlann Mhic Grianna agus ag bailiú seanchais ina leith.

B'fhial fosta mar a chaith Seán Mac Labhraí, léachtóir ollscoile, liom. Bhí sé ar dhuine de na daoine deireanacha le Seosamh a chur faoi agallamh agus chuir sé téip d'agallamh a rinne sé leis ar fáil dom. Ba phléisiúr dom bheith ag éisteacht le glór Joe Fheilimí.

Gabhaim buíochas fosta le Dara Mac Dónaill agus le Colm Ó Tórna as a gcuid cuimhní cinn a roinnt liom ar an Ghriannach. B'fhearr i bhfad an aithne a bhí agam ar an Ghriannach i ndiaidh dom bheith ag caint leo.

Tá mé thar a bheith buíoch fosta de Dheirdre Davitt, Foras na Gaeilge, as mé a spreagadh le tabhairt faoin obair seo agus coimisiún a bhronnadh orm. Bhí mé i mo shaoririseoir nuaphósta gan cliabhán ar bith sa teach nuair a rinne Deirdre teagmháil liom faoin fhiontar seo den chéad

uair. Tá mé i m'iriseoir déanta faoi seo agus ceathrar páistí agam. Tá súil agam gur cúiteamh éigin ar a foighid agus ar a cineáltas é an leabhar seo.

Buíochas ó chroí fosta le Lochlainn Ó Tuairisg agus le Micheál Ó Conghaile as Cló Iar-Chonnachta as an leabhar a léamh agus glacadh leis. Ba mhór an t-ábhar misnigh a thug sé sin dom agus tá mé buíoch den bheirt as an chúram a rinne siad de.

Gabhaim an focal deireanach buíochais le mo bhean, Mary, agus lenár bpáistí, Ultán, Aoife, Laoise agus Fódla. Is iad a spreagann i mbun pinn mé.



## Réamhrá

Seo an dara huair dom tabhairt faoi leabhar ar Sheosamh Mac Grianna. Scríobh mé leabhar i mBéarla faoina shaol agus faoina shaothar sula raibh tríocha bliain slánaithe agam. *A Flight from Shadow* (Lagan Press, 1999) a thug mé ar an cheann sin agus iarracht a bhí ann léargas a thabhairt ar shaol agus ar shaothar Mhic Grianna. Ní mhaslófá *A Flight From Shadow* dá dtabharfá intreoir air, nó sin a bhfuil ann – leabhar léitheoireachta do lucht na Gaeilge (nach léann Gaeilge) agus do lucht an Bhéarla faoi chumas Mhic Grianna.

Seo anois blianta fada i ndiaidh fhoilsiú *A Flight From Shadow* agus an dara leabhar faoin Ghriannach scríofa agam – i nGaeilge an iarraidh seo. Is ionann é, is dócha, agus an ceann Béarla sa mhéid is gur leabhar léitheoireachta é. Ach is é an difear is mó idir an dá leabhar ná go ndírítear aird an léitheora sa cheann seo ar an Ghriannach mar dhuine; déantar iarracht an fear féin a chur os comhair an léitheora.

B'iontach liom gur mhair an oiread sin seanchais faoi Sheosamh Mac Grianna. Fiche éigin bliain ó shin, agus mé i mo mhac léinn, chaithinn cuid mhór ama i Rann na Feirste le linn an tsamhraidh. Chluininn scéalta faoin Ghriannach ach scéalta iad a insíodh de thaisme, beagnach. Bhí Mac Grianna beo ag an am sin agus níorbh fhada go bhfuair mé amach nárbh ionann mo thuiscint air mar scríbhneoir agus tuiscint

a phobail air. Seosamh Mac Grianna a bhí ann domsa, ach Joe Fheilimí a bhí ann do mhuintir a bhaile fhearainn féin.

Is ag cur aithne ar an bheirt Ghriannach atá mé ó shin – mé ag léamh a chuid scríbhneoireachta i gcónaí agus mé ar lorg scéalta faoin duine féin. Ceann de na cuspóirí is mó atá ag an leabhar seo ná cuid den seanchas sin a choinneáil beo. Ba cheart dom a rá nach bhfuil gach mír sheanchais faoin Ghriannach luaite agam anseo. Chuala mé scéalta a mheas mé bheith bréagach nó áiféiseach agus scéalta nach bhféadfainn cruthúnas ar bith a fháil orthu. Cibé rud a scríobh mé síos, scríobh mé síos é i ndúil is go dtabharfadh sé léargas éigin ar a phearsantacht agus ní ar mhaithe le cúlchaint a sholáthar. Urraim don Ghriannach an mana a bhí agam agus mé i mbun taighde.

Ní leabhar acadúil é seo atá ag cur thar maoil le fonótaí. Rinne mé iarracht an leabhar a scríobh ar an dóigh chéanna is a scríobhfainn alt nuachtáin – tugaim aitheantas do shaothar agus d’údair eile sa téacs de réir mar a scríobhaim. Níl innéacs leis an leabhar ach an oiread, nó ní bhíonn innéacs le hailt nuachtáin. Níl aiféaltas ar bith orm gurb amhlaidh atá an scéal. Is iriseoir mé agus ní fear acadúil; cuirim an leabhar seo i láthair, mar sin, mar alt fada nuachtáin, más mian leat, mar shaothar atá le léamh agus tú i do shuí go compordach nó ar thuras traenach ar maidin.

Cén fáth Seosamh Mac Grianna a léamh ar chor ar bith? Ba chóir é a léamh, dar liom, cionn is go bhfuil sé ar dhuine de na húdair Éireannacha is tábhachtaí atá againn. Scríobh sé go fileata ar an anam, ar chroí agus ar aigne an duine, agus ar pholaitíocht, stair agus ar phobal na hÉireann. Níor athraigh cúrsaí sa tír an oiread sin nach n-aithneois na téamaí sin go fóill.

Agus níor athraigh cúrsaí an oiread sin nach n-aithneois

buá phrós Mhic Grianna. Ar an chuid is fearr de, éiríonn le prós Mhic Grianna – bíodh ficseán nó iriseoireacht i gceist – ceangal a dhéanamh idir an aigne agus an croí. Corraíonn Mac Grianna muid agus cuireann sé ag smaoineamh muid fosta; cuireann sé ag machnamh faoinár gcroí muid. Is é an guí is mó atá agamsa go léifidh tusa, a léitheoir, leabhair dá chuid as an nua, go dtabharfaidh tú faoin ród sin romhat agus an Griannach ina chompánach agat.

Pól Ó Muirí  
Achadh Gallán  
Lá Fhéile Bríde, 2007

## 1

## Míreanna Saoil 1959–1990

Tosaímis ag an deireadh mar is é deireadh a shaoil an chuid is poiblí de scéal Sheosaimh Mhic Grianna agus is é deireadh a shaoil, agus an dóigh ar mhair sé, a chaitheann scáil ar an chuid is luaithe dá shaol. Fuair Seosamh Mac Grianna bás ar 11 Meitheamh, 1990; bhí bliain is tríocha caite faoi chúram dochtúirí aige in otharlann Naomh Conall, ionad síciatrach, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall. Ag caint ar aifreann na marbh, ghabh an tAthair Seán Ó Gallchóir buíochas le gach duine a chuidigh le Seosamh Mac Grianna le linn dó bheith i mbun pinn agus thug buíochas do Dhia as a shaol agus as a shaothar:

Chuir Seosamh a bhuíochas féin in iúl dá Dhia. Óir is é an buíochas is bunúsáí úsáid a bhaint as na tíolacthaí a bhronnann Dia orainn. Agus rinne Seosamh sin. D’úsáid sé a eagna chinn, a intleacht ghéar, a dhoimhneacht dhiamhrach, a shaibhreas cainte, a dheise labhartha, a shamhlaíocht, a cheolmhaireacht, a fhileatas, a thuiscint dhomhain ar thraidisiún agus ar oidhreacht a mhuintire, a bhuanna annamha uilig – d’úsáid sé iad agus dhealbhaigh saothar álainn ar comhlíonadh cumais agus liú buíochais don Chruthaitheoir é.

Agus dá thairbhe sin agus de thairbhe rudaí go leor eile tá muidinne lán dóchais inniu nach bhfaigheann sé bás choíche – an luach saothair a ghealltar i soiscéal an lae inniu dóibh seo a itheann arán an Tiarna, bíodh an t-arán sin ar altóir theach an phobail nó ar altóir na beatha.

Agus, ar ndóighe, tá dóigh eile nach bhfaigheann Seosamh Mac Grianna bás. Leag sé a mhéar agus a pheann go beacht ar bhunmhothúcháin a mhuintire agus d'aistrigh sé na mothúcháin sin isteach i bhfriotal atá lán de bhrí agus d'éifeacht agus de dhraíocht. Agus is ar thobar an fhriotail sin a phillimid arís agus arís eile.

Ní fhéadfaí achoimre Uí Ghallchóir ar bhuanna Mhic Grianna a shárú. Is cuí an cur síos a rinne an Gallchóireach ar an Ghriannach, cur síos a sheasfaidh teist an ama agus cur síos a thug aitheantas poiblí don scríbhneoir ba cháiliúla dá aois.

Cuireadh Seosamh Mac Grianna sa reilig in aice le teach pobail Réalt na Mara in Anagaire ina chontae dúchais féin. Níl de scríbhneoireacht ar a uaigh ach a ainm. Ach na daoine a bhí cruinn ar lá a thórraimh, thuig siad luach an té a bhí cailte. B'éachtach an t-údar é agus bhí aird ag léitheoirí ar a shaothar go fóill d'ainneoin gur fhulaing sé tost cruthaitheach caoga cúig bliain. Briseadh an tost sin anois agus arís, gan amhras. Foilsíodh *Mo Bhealach Féin*, dírbheathaisnéis Mhic Grianna, sa bhliain 1940. Is ann atá cuid de na habairtí is clúití i nualitríocht na Gaeilge le fáil: “Thráigh an tobar i samhradh 1935. Ní scríobhfaidh mé níos mó. Rinne mé mo dhícheall agus is cuma liom.”

Ba thrua gur thráigh an tobar. Foilsíodh iarracht ar úrscéal, *Dá mBíodh Ruball ar an Éan*, mar aguisín le *Mo Bhealach Féin*. Úrscéal neamhghnách, ceannródaíoch a bhí ann agus ceann a léirigh go raibh samhlaíocht Mhic Grianna ag aibiú léi i rith an ama. Bhí an Griannach chun tosaigh arís ar scríbhneoirí a ré agus é ag scrúdú Éire a linne, idir shocháí pholaitiúil agus chultúrtha, san úrscéal seo.

Ba iad na focail sin a scríobh sé ina óige, “thráigh an tobar”, feartlaoi Mhic Grianna chomh fada agus a bhaineann

sé lena lán daoine. Agus ba é *Mo Bhealach Féin* an leabhar ba mhó a bhain clú agus cáil amach dó mar údar. Ó chlis a shláinte air i lár na 1930idí, d'éirigh glúnta aníos arbh é *Mo Bhealach Féin* an leabhar ba mhó a sheas a chlú dóibh; leabhar é a bhí lán le mistéir, leabhar a d'inis leath dá scéal dúinn, leabhar a thug le fios go raibh scríbhneoir mór le rá beo in Éirinn, cé gur chónaigh sé taobh thiar de bhallaí otharlainne ar feadh i bhfad.

Is é an tost fada sin an chuid is iomráití de scéal Mhic Grianna. Cuireadh tús leis an tost sa bhliain 1935 ó cheart, an t-am a d'éirigh sé as scríbhneoireacht chruthaitheach agus ba ar éigean a bhí iomrá air idir an bhliain sin agus an bhliain 1959, tráth a cuireadh faoi chúram dochtúirí é. Chuir an tost le mistéir agus le stádas Mhic Grianna mar scríbhneoir. D'aimsigh daoine rómánsaíocht éigin sa chiúnas rófhada sin – b'ionann é agus teistiméireacht Mhic Grianna go raibh sé dílis dá ghairm mar scríbhneoir; gurbh é an tost an éiric a baineadh as de bharr a chumais i mbun pinn; gur ina chinniúint a bhí an cliseadh seo. “Gairm” an focal is fearr atá i gceist le cur síos ar ar bhain sé amach. Níor shlí bheatha aige í an scríbhneoireacht; níor phost ranga í, ach gairm – an cineál céanna gairme a chleachtann sagart agus saoi.

Tá roinnt íomhánna againn den Ghriannach as aois seo na hotharlainne: an seandúine doicheadh a bhfuil de ghruaig air liath anois agus a shúile dorcha ag stánadh amach orainn faoi chaipín. Mac Grianna, an saoi, an íomhá a mhaireann in aigne daoine. Ní hiontas é. Bunús na ngrianghraf a glacadh de agus a bhfuil fáil orthu go fóill, is le linn a thréimhse san otharlann a tógadh iad. Maireann fíorbheagán grianghraf eile de – grianghraif a thugann buille faoi thuairim dúinn den duine óg, fear a bhí “chomh láidir ina cholainn le damh” agus é in aois na bhfichidí agus na dtríochaidí. Tá

rud amháin nach n-athraíonn sna pictiúir ar fad – na súile, iad chomh lom, díreach, eolach ó aois go haois.

Bhí na blianta sin idir trá an tobair, 1935, agus é filleadh ar Rann na Feirste sa bhliain 1957, ar chuid de na blianta ba chorráí ina shaol. D’fhág Proinsias Mac an Bheatha, scríbhneoir, cuntas ar bhlianta anróiteacha Bhaile Átha Cliath. Thosaigh sé a thabhairt cuairteanna ar an Ghriannach i lár na 1950idí agus léiríonn an dialann a choinnigh sé de na turais sin scríbhneoir a bhí ar imeall na sochaí. Bhí an teach ina raibh cónaí ar Mhac Grianna cáidheach; bhí plátaí gan ní ina luí thart agus seanbhuidéil bhainne ag ramhrú. Bhí droch-chuma ar Mhac Grianna féin agus ba dhoiligh comhrá de chineál ar bith a bhaint as.

Rinne Mac an Bheatha, agus Conall Ó Dónaill, gaol de chuid Mhic Grianna, a ndícheall earraí a cheannach dó:

Tháinig mise ag cónaí i gCluain Tarbh i dtús na 1950í agus ón am sin amach chasainn ar Sheosamh minic go leor. Shiúladh sé bóithre Chluain Tarbh, agus go háirithe bóithre an chuid sin de ar a dtugtar Baile na gCorr, a dhá láimh saite i bpócaí an chóta mhóir a bhíodh á chaitheamh bunús an ama aige, agus cuma air go raibh sé ag déanamh a mhachnaimh go domhain. Bhí cuma dhearóil go maith air, a fhéasóg gan bhearradh agus a bhróga agus a chuid éadaigh caite go mór. “Professor Green” an t-ainm a thugadh na daoine air.

Maireann pictiúr anróiteach den Ghriannach i bhfianaise Mhic an Bheatha:

Bhí an seomra trína chéile go mór – salachar agus seanéadaí gach áit. Bhí dhá sheanleaba sa seomra, an dá cheann acu briste ach ceann amháin níos measa ná a chéile. Bhí roinnt leabhar caite sa mhullach ar a chéile ar an leaba seo. Bhí carn seanbhlaincéad agus seanchótaí caite ar an cheann eile. Bhí luaitheach agus conamar na mblianta carntha sa tinteán. Ar an aon bhord bheag amháin a bhí sa seomra bhí seanbhuidéil

bhainne, cannaí bainne stánaithe, paicéad salainn agus roinnt plátaí salacha. Bhí an bord féin cáioch [cáidheach]. Bhí cathaoir uilleach a bhí maith tráth dá saol os comhair an tinteáin amach. Bhí peann agus buidéal dúigh ar an chladhar. Bhí an seomra ar fad gruama salach agus boladh bréan ann.

Is é an tagairt don pheann agus buidéal dúigh an t-aon rud amháin a thógann croí an léitheora. Dá olcas a chás, bhí uirlisí a ghairme taobh leis i gcónaí. Ach b'fhéidir go bhfuil sin ró-rómánsúil; b'fhéidir nár cheart dúinn an rómánsachas a cheadú, nár cheart dúinn an neamhaird a tugadh ar an fhear a mhaitheamh de bharr peann agus buidéal dúigh bheith ina araicis.

De réir Mhic an Bheatha, bhí Mac Grianna ag foghlaim Spáinnise ag an am sin, teanga a bhí doiligh ach álainn, a dúirt an Griannach leis. Agus phléigh siad cúrsaí litríochta. Bhí Mac Grianna ag léamh leabhar de chuid Walter Scott – *The Lord of the Isles* agus *Waverley* – agus bhí Mac Grianna breá ábalta Scott a mheas mar scríbhneoir, ag rá gur scríbhneoir mór próis a bhí ann ach nach raibh sé thar mholadh beirte mar fhile.

Bhí Colm Ó Tórna, iriseoir, ina ghasúr óg an t-am sin agus d'fheiceadh sé Mac Grianna ag siúl na sráideanna, gan aird ar an trácht. Ní raibh gasúir na sráide chomh measúil sin lena gcuid leasainmneacha agus “Auld Butts” a thugadh siad air de bharr go mbíodh Mac Grianna ag tógáil seanbhunaí toitíní den talamh. D'aithin Ó Tórna crutháíocht bheith sa duine go fóill, é breá láidir, agus bhíodh bean le feiceáil ag teacht ar cuairt aige, bean dhathúil, béaldath uirthi, í ag mairgneach go raibh sí cráite ag Mac Grianna, nach labhródh sé léi.

Thuigfeá as cuntas Mhic an Bheatha gur dhuine thar a bheith seachantach a bhí sa Ghriannach faoin am sin. Mura



raibh Mac Grianna fuar ar fad ann, ní raibh sé fáilteach ach an oiread. Bhain doicheall leis na cuairteanna in ainneoin iarrachtaí Mhic an Bheatha comhrá a spreagadh. D'imigh Mac Grianna ar ais go Dún na nGall gan slán a fhágáil leis nó a rá leis cá raibh a thriall, fiú. Chuir an t-imeacht an oiread sin inní ar Mhac an Bheatha gur chuir sé fios ar na Gardaí. Agus é ar saoire i Rann na Feirste, chonaic Mac an Bheatha é i samhradh 1958: “Ach nuair a chonaic sé [Mac Grianna] chuide mé d'imigh sé leis gan focal a rá liom.”

An bhliain ina dhiaidh sin, 1959, chuir bean Mhic Grianna, Peg, lámh ina bás féin. Chuir sí a ceann in oigheann gáis, de réir Néill Uí Dhónaill, comhghleacaí de chuid Mhic Grianna, agus fuarthas marbh ina seomra í. Ina dhiaidh sin, chuir a mac, Fionn, lámh ina bhás féin: bháigh sé é féin i gcuan Bhaile Átha Cliath. De réir mar is féidir a dhéanamh amach is in imeacht bliana a tharla an dá bhás. Dá mbíodh an saol i gceart, bheadh Fionn beo ar fad agus eisean a d'inseodh scéal a athar dúinn. Ach is ábhar iontais é a laghad seanchais a mhaireann faoi Fhionn. Ní hann dá chuimhne i Rann na Feirste. San áit a maireann scéalta go fóill faoi Sheosamh agus faoi chlann Mhic Grianna, níl ann ach an tost nuair a fhiafraítear faoi Fhionn. Ba iad na Bráithre Críostaí a d'oil Fionn ar scoil i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath. Ní raibh Seosamh ná Peg ábalta aire a thabhairt dó.

Chraol BBC Thuaisceart Éireann clár teilifíse dar teideal *Dá mBíodh Ruball ar an Éan* sa bhliain 1991 faoi Sheosamh Mac Grianna agus taispeánadh pictiúr d'Fhionn lena linn. Gasúr sé nó seacht de bhlianta d'aois atá ann, é ag stánadh ar an cheamara. Mheasfa míchompord bheith air agus é ina sheasamh os comhair an cheamara. D'aithneofa gur le Seosamh é gan amhras: tá cruth na nGriannach ar a chlár éadain agus ar a aghaidh. Is é an t-aon íomhá amháin den

ghasúr é a mhaireann chomh fada agus is eol dúinn. Níl againn, mar a tharlaíonn go minic le scéal Mhic Grianna, ach mír, mír shaoil, mír bheag – agus tost.

De réir sheanchas Rann na Feirste, ba é deartháir Sheosaimh, Seán Bán, a rinne na socruithe Seosamh a chur faoi chúram na ndochtúirí an chéad lá riamh. Fear eile de bhunadh Rann na Feirste a thiomáin an bheirt deartháireacha a fhad le Leitir Ceanainn, agus sáirsint de chuid na nGardaí a shínigh an cháipéis chuí le go gcuirfí Mac Grianna faoi ghlas. Bhí drogall air a leithéid a dhéanamh nó chonacthas dó nach raibh a dhath ar Mhac Grianna. Ghéill sé d’achainí Sheáin Bháin sa deireadh nó bhí eagla mhór airsean go marófaí Seosamh agus é ag siúl leis ar a chonlán féin trí na Rosa.

Bhí bunús éigin lena eagla, gan amhras. Bíodh is go raibh Mac Grianna ag tarraingt ar na trí scór, bhí cumas coisíochta san fhear a thabharfadh dúshlán fir tríocha bliain ní b’óige ná é. Ní raibh Mac Grianna le ceangal sa teach le linn an ama seo, de réir tuairiscí béil. B’éigean dó siúl. Bhí sé le feiceáil go minic faoi Rann na Feirste sna 1950idí – é ag máirseáil leis mar a bheadh saighdiúir ann, a dhá sciathán ag bogadh suas anuas ar nós loiní traenach. Shiúladh sé an bealach céanna i gcónaí – d’fhágadh sé teach a mhuintire i dTóin an Bhaile, théadh suas an Carracamán agus d’imíodh leis i dtreo na gcnoc.

Tá sé sa seanchas i Rann na Feirste go gcuireadh sé eagla ar mhná tí de bharr go mbíodh sé amuigh antráthach agus go mbuaileadh sé isteach gan chead gan choinne agus é ar lorg braon uisce nó tae. Is minic fir na mban tí ar shiúl ag obair in Albain agus ní raibh aithne acu ar an strainséir seo as Rann na Feirste. Agus strainséir a bhí ann faoin am sin; bhí tríocha éigin bliain caite ag Mac Grianna i mBaile Átha Cliath faoi

na 1950idí agus glúin eile beo ar na Rosa a bhí aineolach ar a chuid dóigheanna.

Théadh sé a shnámh go minic. D’fheiceadh daoine a chloigeann, chomh maol le ceann róin, ag éirí aníos as an uisce agus é ag búireach anála mar a bheadh pian air. Chluineadh daoine istigh ina gcuid tithe é, chomh callánach agus a bhí sé i mbun snámha. Snámhaí láidir a bhí ann, agus an bang brollaigh a chleachtaíodh sé. Ba ghnách leis snámh gan ceirteach ar bith air, beag beann ar dhaoine eile a bhí cois na trá. Gnás coitianta é a bheith tarnocht ag an am sin. Maireann scéal amháin gur tháinig sé as an sáile lá, é lomnacht mar ba ghnách. Chonaic sé bean de bhunadh na háite i gculaith shnámha in aice láimhe agus dúirt léi gur ag cur suas meáchain a bhí sí. Bhí a dhóigh féin aige mar Sheosamh . . .

Is sa bhliain 1969 a foilsíodh úrscéal dearmadta Mhic Grianna, *An Druma Mór*, agus bronnadh duais air as, Gradam an Bhuitléirigh. Ghin an leabhar poiblíocht dó agus d’aithin aos dána na Gaeilge an cumas scríbhneoireachta a bhí ann. Ach ba é barúil na coitiantachta go raibh an leabhar rómhall ag teacht. Dá fheabhas é, iarsma as aois eile a bhí ann, mír liteartha as canóin liteartha nárbh ann di níos mó. Mar sin féin, tugadh Mac Grianna amach as an otharlann le go bhfaigheadh sé a ghradam agus chonaic daoine é, an duine beo.

Bhí sé i dteagmháil leis an Ghúm i nDeireadh Fómhair 1969. Scríobh rúnaí na hotharlainne chucu thar a cheann. Bhí an Griannach ag iarraidh úrscéal dá chuid a chríochnú, *Dá mBíodh Ruball ar an Éan*. D’fhoilsigh an Gúm an leabhar sin mar aguisín le *Mo Bhealach Féin* sa bhliain 1940. Ba mhian leis an Ghriannach tabhairt faoi arís ach bhí bunchóip den

leabhar de dhíth air. Chuir an Gúm cóip chuige agus thug Mac Grianna le fios gur chuir sé “ruball ar an éan”.

Chonaic an tAthair Oilibhéar Ó Croiligh leathanaigh as nuair a thug sé cuairt ar an Ghriannach i samhradh na bliana 1968. Scríobh Ó Croiligh tráchtas ar shaothar Mhic Grianna agus bhreac síos roinnt cuimhní cinn a thugann léargas luachmhar dúinn ar shaol Mhic Grianna an t-am sin:

Nuair a thug mé cuairt air i samhradh na bliana 1968, fuair mé amach go raibh beagán scríbhneoireachta déanta aige le cúpla bliain roimhe sin. “Chuir mé Ruball ar an Éan,” a dúirt sé. I ndiaidh dom cúpla cuairt eile a thabhairt air, lig sé dom an scríbhinn a léamh. Ní críoch ar an leabhar *Dá mBíodh Ruball ar an Éan* é i gciall chruinn ar bith, ach is léiriú an-suimiúil é ar staid a aigne féin agus ar staid a chuid scríbhneoireachta féin ins an am inár scríobh sé é.

Ní fhaca duine ar bith an saothar críochnúil – agus an méid a chonaic Ó Croiligh féin, tá sí imithe, diomaite de na sleachta a scríobh sé síos ina thráchtas. Níl againn arís ach míreanna an scéil, ach tugann an méid a scríobh Ó Croiligh síos blas dúinn ar a raibh ar siúl ag an Ghriannach:

Chuaigh muid suas a fhad leis an ospital, an teach ab iontaí a raibh mé riamh ann. Teach iontach mór a bhí ann agus ní raibh coirnéal ar bith de díreach. Bhí aer frithir nimhneach ann, agus shílfeá go raibh an t-aer gearrtha ina ghiotaí, agus go raibh daoine ’do dhiaidh á do choimhead. B’iontach an cuma [sic] a bhí ar na seomraí agus doirse orthu nach raibh murláin ar bith orthu. Bhí scaifte de fhearaibh ansin agus bhí cuma chasta, bhriste scaollmhar orthu nach bhfaca mé ar aon fhear riamh, mar bheadh spólláí feola agus dusta cráite orthu. Bhí sceon ina súilibh agus iad ag siúl ar leataobh . . .

Is léir ar an bheagán sin féin nár tháinig meath ar bith ar chumas scríbhneoireachta Mhic Grianna; bhí bua na scéalaíochta aige ar fad agus é ábalta cur síos anamúil a dhéanamh ar a bhfaca sé. Má chríochnaigh sé an scéal,

thiocfadh dó gur cailleadh an téacs, nó seans gur scriosadh é. Tá sé sa seanchas gur bhailigh duine muinteartha de chuid Mhic Grianna a raibh de pháipéarachas ina sheomra i ndiaidh a bháis agus gur dhóigh sí an t-iomlán léir. Ní heol do dhuine ar bith cad é a bhí i measc na bpáipéar sin ach is doiligh a chreidbheáil nach raibh ábhar liteartha ann. Is léiriú eile é den loitiméireacht a d’fhulaing saothar Mhic Grianna go rómhinic.

Thuigfeá an chaill a bhí i gceist tar éis duit tuairim an chriticeora Fionntán de Brún a léamh faoi na sleachta a tháinig slán. “Nuaphrós glan lúfar,” a thugann sé ar na míreanna, “a sheachnaíonn seanráite agus seanchaint na ndaoine agus a bhfuil a iúl ar an insint agus ar an nuashamhail i dtólamh.”

Tharla loitiméireacht go cinnte i gcás saothair Bhéarla dá chuid. Scríobh Mac Grianna úrscéal, *The Miracle at Cashelmore*, agus bhíodh cóip de le fáil i Leabharlann Ollscoil Uladh go dtí na 1970idí. D’imigh an chóip sin gan tásca ná tuairisc. Is cosúil gur thóg duine éigin gan chead í agus tá an saothar cailte ag léitheoirí anois. Cén meas a léirigh an eachtra sin ar an Ghriannach?

Maireann seanchas otharlainne faoi – thagadh daoine ar cuairt. Ach, arís, is é an seandúine a bhí rompu. Bhíodh sé gléasta go néata i gcónaí cé go mbíodh poill le sonrú ina chuid éadaigh in amanna, a bhuíochas sin ag na toitíní a thiteadh as a lámh nuair a thagadh codladh air.

Níorbh fhear mór comhrá é, de réir beagnach gach tuairisce. D’fhéadfaí comhrá éigin a mhealladh as ach ní bhíodh fonn rómhór cainte air. Léadh sé leabhair – leabhair bhleachtaireachta den chuid is mó – agus níor chleacht sé an dea-mhúineadh coinbhinseanúil. Ba ghnách leis an Athair Micheal Carney, príomhoide Choláiste Adhamhnáin, Leitir

Ceanainn, ba ghnách leis bheith ina shéiplíneach in Otharlann Naomh Conall agus comaoineach naofa a thabhairt don easlán:

I have reason to remember Seosamh Mac Grianna with some amusement. He was a patient in the local psychiatric hospital in the last couple of years of his life. I was detailed to give out communion to patients on a Sunday morning every so often and when I would ask Seosamh as to whether he wished to take communion he would respond by telling me to “Fuck off!”

Níorbh ionann sin agus taithí daoine eile. Thóg Seosamh Mac Domhnaill, iriseoir, Mac Grianna amach ar camchuart ar ócáid a ochtódú lá breithe. Thug siad cuairt ar an Chairdinéal Ó Fiaich le linn an ama sin agus bhain sult as. Scríobh Mac Domhnaill alt nuachtáin faoin lá agus ba é a mhac, Dara, a thóg sraith grianghraf den ócáid. Is iad na pictiúir sin an phortráid is iomláine atá againn den Ghriannach agus é ag druidim le deireadh a shaoil. Tá sé le feiceáil ag stánadh ar an cheamara, seandúine doicheallach, más fíor don phictiúr. Níl greann ar bith le sonrú ann ach chreidfeá é bheith géarintinneach go fóill.

Thug a chomh-Chonallach, Éamonn Ó Dónaill, cuairt air ag deireadh na 1980idí. Bhí an Dálach i ndiaidh eagrán speisialta den iris liteartha *Comhar* a chur i gcló, eagrán a rinne comóradh ar shaol agus ar shaothar Mhic Grianna. Thug sé cóip den iris leis agus thug don Ghriannach é. “Sin mise,” a dúirt Seosamh i ndiaidh dó breathnú ar chlúdach na hirise. D’aithin sé é féin ach ní fada gur tháinig deireadh lena chuid cainte leis an Dálach. Bhí roinnt tobac agus páipéar toitíní leis an Dálach agus ba mhó spéis Mhic Grianna iontu sin ná bheith ag comhrá faoi chúrsaí litríochta.

Níorbh é Ó Dónaill an t-aon fhear liteartha amháin a

thriall ar an Ghriannach le linn na mblianta seo. Scríobh Séamus Mac Annaidh, úrscéalaí, chuige ag tús na 1980idí. Ag tosú amach ar shaol na scríbhneoireachta a bhí Mac Annaidh féin agus ba é an chéad rud a rinne sé teagmháil a dhéanamh leis an údar clúiteach Ultach. Níorbh fhada gur tháinig freagra ar a litir:

A chara,

De réir mar a thuigim, ba mhaith leat a dhul i gcionn scríbhneoireachta, agus tá oideachas agat de réir sin. Le cois sin, má tá de mhian agat a dhul a scríbhneoireacht, ba chóir duit dearcadh ar an tsaol. Is iomaí rud atá le foghlaim a chuideos leat an scríbhneoireacht a dhéanamh. Tá súil agam go n-éireoidh do ghnoithe leat. Is breá an saol saol an scríbhneora. Beir bua agus beannacht.

Mise le meas, Seosamh Mac Grianna.

Bhí Mac Grianna ochtó dó bliain d'aois nuair a scríobh sé an litir sin. Tá meas agus urraim dá ghairm le sonrú inti agus meas agus urraim don ábhar scríbhneora a bhí ar lorg a chomhairle.

Thug daoine eile cuairt air agus é san otharlann – cairde, lucht aitheantais agus lucht pinn. Mórán mar an gcéanna a bhíonn a gcur síos ar na cuairteanna seo. Ba ar éigean a labhair sé; chuireadh sé fáilte roimh thoitíní agus chaitheadh sé faoi thost iad.

Bhí ócáid phoiblí mhór amháin eile ina shaol – labhair Mac Grianna ag Féile Rann na Feirste in Aibreán na bliana 1987. Eagraíodh roinnt imeachtaí agus léachtaí i gColáiste Bhríde, coláiste samhraidh sa cheantar. Bhí an scríbhneoir seo i láthair. Maireann pictiúr a thóg Dara Mac Dónaill den ócáid sin go fóill agus tá cuimhne agam ar an eachtra nó is ar chúl an halla a bhí mé féin. Chonaic mé go raibh Mac Grianna ag caint cé nár chuala mé mórán dár dhúirt sé. Ba é an t-aon uair amháin

é go bhfaca mé ina bheo é agus bhí mé róchúthail le forrán a chur air. Dúirt duine eile liom a chuala é ní b'fhearr ná mise gur chuir sé críoch lena óráid leis an tuairim: “Níl an ghlúin óg leathréabhlóideach go leor.” Agus é ag tarraingt ar nócha bliain d’aois, sheas sé go fóill leis an radacachas.

Agus ba é a cháil mar scríbhneoir radacach, mar scríbhneoir a thug dúshlán na múnlaí traidisiúnta, a mheall daoine i dtreo a chuid scríbhneoireachta. Ba scríbhneoir é a léirigh go raibh níos mó i gceist le scríbhneoireacht ná focail a chur síos ar phár agus leabhair bheith i gcló. Bhí meon i gceist, meon fiosrach, neamhspleách. Bhí ciall dá chuid féin aige don saol; mhothaigh mé údarás ann agus é ina sheasamh os ár gcomhair. Thuill sé ár n-aird agus ár n-éisteacht as a ndearna sé i saothrú an phinn.

Chuir mé a thuairisc le linn na féile. Mhaígh duine amháin de chuid Choláiste Bhríde go raibh comhrá “breá fada” aige leis an Ghriannach. Rinne beirt eile de lucht an choláiste iontas de sin, ag rá nár ghnách leis labhairt le daoine ach ar éigean. Ach shantaigh an chéad chainteoir aitheantas as a theagmháil leis an Ghriannach; bhí sé tábhachtach aige go gcreidfeadh daoine go ndeachaigh sé féin agus príomhscríbhneoir a linne a chaint ar chúrsaí litríochta.

Tharla gur labhair mé le léachtóir ollscoile a chaith seal i gcuideachta Mhic Grianna i mBéal Feirste. Agus iad ag tiomáint thar Halla na Cathrach sa chathair, dúirt Mac Grianna: “Tá aithne agam ar an áit seo.”

Ba é an chuid ba phráinní dá scéal gur bhain Mac Grianna úsáid as “aithne” – agus ní “eolas” – agus é ag cur síos ar áit. Ceacht gramadaí a bhí ann. Rinne mé iarracht níos mó eolais a fháil amach faoin duine féin a bhí in aice leis agus é ag tiomáint ach thráigh an tobar sin go tobann. Níorbh ionann aithne agus eolas. Taibhse bheag eile de scéal faoi shaol Mhic



Grianna atá ann. Níl fágtha ach lorg éadrom a choisceime; imíonn an duine sula mbíonn deis ann agallamh a chur air. Bogann Mac Grianna go formhothaithe trí chathracha agus cheantair na cuimhne. Faighimid sracfhéachaint thapa air idir 1959 agus 1990; maireann scéalta beaga a thugann léargas éigin air ach éalaíonn an duine féin go rómhínic. Míreanna saoil, scéal anseo agus ansiúd ag daoine; scéalta beaga príobháideacha a chuireann síos ar a gcaidreamh mear féin leis an Ghriannach; leaganacha a charnann le chéile le buille faoi thuairim a thabhairt dúinn faoin scríbhneoir.

Chuir Seán Mac Labhraí, léachtóir ollscoile, agallamh ar Mhac Grianna mí Lúnasa 1988. Chuir sé an chaint a rinne siad le chéile ar téip. Maireann an t-agallamh tuairim is tríocha bomaite agus bhí saothar ar Mhac Labhraí caint a mhealladh as an Ghriannach de bharr go raibh an Griannach rud beag bodhar ag an am. Mar sin féin, freagraíonn sé na ceisteanna a chuirtear air, bíodh is nach labhraíonn sé mórán. Thuig sé dá raibh ar siúl. Agus Mac Labhraí á cheistiú faoi chúrsaí litríochta, pléascann abairt amháin as an agallamh. “Scríobh mé a lán,” a deir Mac Grianna. Agus é ag tarraingt ar a bhás, thuig sé gur chaith sé saol scríbhneora. Caithfidh muid a chreidbheáil go raibh sé sona dá bharr: “Scríobh mé a lán.”